2025/2221

7.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2221 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/364 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'IPA Family 1'

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Feabhra 2023, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/364 ón gCoimisiún ([2]) rinneadh údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0028425-0000 aige a dheonú do Ecolab Deutschland GmbH chun an fhine táirgí bithicídeacha 'IPA Family 1' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha sin.

(2) An 30 Samhain 2023 agus an 17 Nollaig 2024 chuir Ecolab Deutschland GmbH fógraí faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), maidir le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'IPA Family 1', dá dtagraítear i dTeideal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Rinneadh taifead de na fógraí faoi chás-uimhreacha BC-KE090454-43 agus BC-JF101949-39 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha ('an Clár'). Baineann na hathruithe atá beartaithe ar an údarú sin agus ar tugadh fógra ina leith le soiléiriú ar na treoracha úsáide le haghaidh gach táirge san fhine, le trádainmneacha nua a chur leis, le foirmleoirí táirgí bithicídeacha a bhaint agus a chur leis agus le monaróirí substaintí gníomhacha a chur leis.

(3) An 24 Eanáir 2024 agus an 16 Eanáir 2025, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na hathruithe riaracháin ar tugadh fógra ina leith ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'IPA Family 1', in éineacht le hachoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh. Sna tuairimí uaithi, is é conclúid na Gníomhaireachta maidir leis na hathruithe atá beartaithe gur athruithe riaracháin iad dá dtagraítear in Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus a shonraítear i dTeideal 1, Ranna 1 agus 2, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe sin a bheith curtha chun feidhme.

(4) An 23 Eanáir 2025 tharchuir an Ghníomhaireacht achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'IPA Family 1' chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, lena gcumhdaítear na hathruithe riaracháin uile ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/364 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2023 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'IPA Family 1' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 50, 17.2.2023, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/364/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

([4]) Tuairim Uimh. UAD-C-1706275-25-00/F ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 24 Eanáir 2024 agus Tuairim Uimh. UAD-C-1790252-35-00/F ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 16 Eanáir 2025 maidir leis an athrú riaracháin ar údarú Aontais na fine táirgí bithicídeacha 'IPA Family 1', https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

(5) Comhaontaíonn an Coimisiún leis na tuairimí ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'IPA Family 1' a leasú chun na mionathruithe a d'iarr Ecolab Deutschland GmbH a thabhairt isteach.

(6) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis na hathruithe riaracháin, an fhaisnéis eile uile atá san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh 'IPA Family 1' mar a leagtar amach í in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/364, fanann sí gan athrú.

(7) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun éascú a dhéanamh ar rochtain úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite den achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/364. I ngeall ar athrú ar an bhformáid a úsáidtear chun an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghiniúint sa Chlár i mí Feabhra 2024, ba cheart roinnt mionathruithe eagarthóireachta agus mionathruithe ar an leagan amach a bheith san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá san Iarscríbhinn sin freisin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/364 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/364.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

IPA Family 1

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

Uimhir an údaraithe EU-0028425-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0028425-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	IPA Family 1

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Ecolab Deutschland GmbH
	Seoladh	Ecolab Allee 1 40789 Monheim am Rhein DE
Uimhir an údaraithe		EU-0028425-0000
Uimhir sócmhainne R4BP		EU-0028425-0000
Dáta an údaraithe		9.3.2023
Dáta éaga an údaraithe		28.2.2033

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Ecolab Europe GmbH
Seoladh an mhonaróra	Richtistrasse, 7 8304 Walliselen An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Europe GmbH site 1 Richtistrasse, 7 8304 Wallisellen An Eilvéis

Ainm an mhonaróra	Ecolab Limited

Seoladh an mhonaróra	Brunel Way, Baglan Energy Park, SA11 2GA Neath Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Limited site 1 Brunel Way, Baglan Energy Park, SA11 2GA Neath Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	Ecolab Leeds
Seoladh an mhonaróra	Lotherton Way, Garforth, LS25 2JY Leeds Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Leeds site 1 Lotherton Way, Garforth, LS25 2JY Leeds Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	Esoform S.p.A.
Seoladh an mhonaróra	Viale del Lavoro 10, 45100 Rovigo An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Esoform S.p.A. site 1 Viale del Lavoro 10, 45100 Rovigo An Iodáil

Ainm an mhonaróra	Nalco Deutschland Manufacturing GmbH und Co.KG
Seoladh an mhonaróra	Justus-von-Liebig-Str. 11 D-64584 Biebesheim An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Nalco Deutschland Manufacturing GmbH und Co.KG site 1 Justus-von-Liebig-Str. 11 D-64584 Biebesheim An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Ecolab NETHERLANDS BV
Seoladh an mhonaróra	Brugwal 11, 3432NZ Nieuwegein An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab NETHERLANDS BV site 1 Brugwal 11, 3432NZ Nieuwegein An Ísiltír

Ainm an mhonaróra	Ecolab Weavergate
Seoladh an mhonaróra	Winnington Avenue CW8 3AA Northwich Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Weavergate site 1 Winnington Avenue CW8 3AA Northwich Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	Ecolab Mullingar, Ireland

Seoladh an mhonaróra	Forest Park, Zone C Mullingar Ind. Estate, - Mullingar, Co. Westmeath, Éire
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Mullingar, Ireland site 1 Forest Park, Zone C Mullingar Ind. Estate, - An Muileann gCearr, Contae na hIarmhí, Éire

Ainm an mhonaróra	Ecolab d.o.o.
Seoladh an mhonaróra	Vajngerlova 4 2000 Maribor An tSlóivéin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab d.o.o. site 1 Vajngerlova 4 2000 Maribor An tSlóivéin

Ainm an mhonaróra	Ecolab Rozzano, Italy
Seoladh an mhonaróra	Via A. Grandi 9/11, 20089 Rozzano (MI) An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Rozzano, Italy site 1 Via A. Grandi 9/11, 20089 Rozzano (MI) An Iodáil

Ainm an mhonaróra	Ecolab B.V.B.A
Seoladh an mhonaróra	Havenlaan 4 3980 Tessenderlo An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab B.V.B.A site 1 Havenlaan 4 3980 Tessenderlo An Bheilg

Ainm an mhonaróra	Nalco Española Manufacturing, SLU
Seoladh an mhonaróra	C/Tramuntana s/n Polígono Industrial de Celrà 17460 Celrà An Spáinn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Nalco Española Manufacturing, SLU site 1 C/ Tramuntana s/n Polígono Industrial de Celrà 17460 Celrà An Spáinn

Ainm an mhonaróra	Ecolab production France SAS
Seoladh an mhonaróra	BP509, Avenue de Général Patton 51006 Châlons-en-Champagne An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab production France SAS site 1 BP509, Avenue de Général Patton 51006 Châlons-en-Champagne An Fhrainc

Ainm an mhonaróra	Ecolab Mandra, Greece
Seoladh an mhonaróra	25km Old National Road Athens- Theve, - Mandra Attica An Ghréig
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecolab Mandra, Greece site 1 25km Old National Road Athens- Theve, - Mandra Attica An Ghréig

Ainm an mhonaróra	NALCO FINLAND MANUFACTURING OY
Seoladh an mhonaróra	Kivikummuntie 1, FIN-07955 Tesjoki An Fhionlainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	NALCO FINLAND MANUFACTURING OY site 1 Kivikummuntie 1, FIN-07955 Tesjoki An Fhionlainn

Ainm an mhonaróra	Manufacturing Plant Cisterna Nalco
Seoladh an mhonaróra	Via Ninfina II 4012 Cisterna Di Latina, An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Manufacturing Plant Cisterna Nalco site 1 Via Ninfina II 4012 Cisterna di Latina An Iodáil

Ainm an mhonaróra	Manufacturing Plant Fawley Nalco
Seoladh an mhonaróra	One buisness center 1180 SO45 3NP Hardley Hants Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Manufacturing Plant Fawley Nalco site 1 One buisness center 1180 SO45 3NP Hardley Hants Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	Nalco Champion Plant, Tooling Plant, Aberdeen Nalco
Seoladh an mhonaróra	Minto Avenue, Alten Industrial Estate AB12 3JZ Aberdeen Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Nalco Champion Plant, Tooling Plant, Aberdeen Nalco site 1 Minto Avenue, Alten Industrial Estate AB12 3JZ Aberdeen Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	Microtek Medical B.V.
Seoladh an mhonaróra	Hekkehorst, 24 7207 BN Zutphen An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Microtek Medical B.V. site 1 Hekkehorst, 24 7207 BN Zutphen An Ísiltír

Ainm an mhonaróra	Microtek Medical Malta Ltd.
Seoladh an mhonaróra	Sorbonne Centre F20 Mosta Technopark MST 3000 MOSTA Málta
Suíomh na láithreán monaraíochta	Microtek Medical Malta Ltd. site 1 Sorbonne Centre F20 Mosta Technopark MST 3000 Mosta Málta

Ainm an mhonaróra	Innovate GmbH
Seoladh an mhonaróra	Am Hohen Stein, 11 06618 Naumburg An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Innovate GmbH site 1 Am Hohen Stein, 11 06618 Naumburg An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	CHRISTEYNS FRANCE S.A.
Seoladh an mhonaróra	31 rue de la Maladrie 44120 Vertou An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	CHRISTEYNS FRANCE S.A. site 1 54 avenue de la Plaine - ZI 13106 Rousset An Fhrainc

Ainm an mhonaróra	Techtex
Seoladh an mhonaróra	Units 7 & 8, Rhodes Business Park, Silbum Way M24 4NE Middelton, Manchester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Techtex site 1 Units 7 & 8, Rhodes Business Park, Silbum Way M24 4NE Middelton, Manchester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	Technical Textile Services Ltd
Seoladh an mhonaróra	Unit 4, Rhodes Business Park, Silburn Way M24 4NE Middleton, Manchester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Technical Textile Services Ltd Unit 4, Rhodes Business Park, Silburn Way M24 4NE Middleton, Manchester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	Pal International Limited
Seoladh an mhonaróra	Unit 3 Mountpark, Victoria Road LE67 1FA Ellistown, Coalville Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Pal International Limited Unit 3 Mountpark, Victoria Road LE67 1FA Ellistown, Coalville Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	CID LINES NV
Seoladh an mhonaróra	Waterpoortstraat 2 8900 Ieper An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	CID LINES NV Waterpoortstraat 2 8900 Ieper An Bheilg

Ainm an mhonaróra	LABORATOIRES ANIOS
Seoladh an mhonaróra	3330 Rue de Lille 59262 Sainghin-en-Mélantois An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	LABORATOIRES ANIOS 3330 Rue de Lille 59262 Sainghin-en-Mélantois An Fhrainc

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Própán-2-ól
Ainm an mhonaróra	Ineos Solvents Germany GmbH
Seoladh an mhonaróra	Römerstrasse 733, D-47443 Moers An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ineos Solvents Germany GmbH site 1 Shamrockstrasse 88 D-44623 Herne An Ghearmáin Ineos Solvents Germany GmbH site 2 Romestrasse, 733, D-47443 Moers An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Própán-2-ól
Ainm an mhonaróra	Shell Chemicals Europe B.V.
Seoladh an mhonaróra	Postbus 2334 3000 CH Rotterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Shell Chemicals Europe B.V. site 1 Chemie BV/Shell Nederland Raffinaderij B.V., Vondelingenweg 601 3196 KK Rotterdam-Pernis, An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Própán-2-ól
Ainm an mhonaróra	ExxonMobil Chemical Europe
Seoladh an mhonaróra	Hermeslaan 2 1831 Machelen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	ExxonMobil Chemical Europe site 1 Fawley Refinery and Petrochemical Plant, Fawley SO45 1TX Southampton Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ExxonMobil Chemical Europe site 2 Baton Rouge Chemical Plant 4999 Scenic Highway 70805-3359 LA Na Stáit Aontaithe

Substaint ghníomhach	Própán-2-ól
Ainm an mhonaróra	Brenntag N.V.
Seoladh an mhonaróra	Nijverheidslaan, 38 8540 Deerlijk An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Shell Energy and Chemicals Park Rotterdam Shell Nederland Chemie BV/Shell Nederland Raffinaderij B.V., Vondelingenweg 601 3196 KK Rotterdam-Pernis An Ísiltír ExxonMobil Baton Rouge Refinery 4045 Scenic Highway Baton Rouge 70805 LA Na Stáit Aontaithe

Substaint ghníomhach	Própán-2-ól
Ainm an mhonaróra	UNIVAR
Seoladh an mhonaróra	Steuber Drive M44 5AL Manchester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	ExxonMobil Chemicals Fawley Refinery and Petrochemical Plant, Fawley SO45 1TX Southampton Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		Substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	30,3 - 65,66 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AE Dáileoir aerasól AL Aon leacht eile XX -Ciarsúr atá réidh le húsáid cumaisc le leacht bunaithe ar uisce

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Meta-SPC 1.1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		Substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	60,61 - 65,66 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H225: Leacht an-inadhainte agus gal an-inadhainte. H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. H336: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán. EUH066: D'fhéadfadh tirimeacht craicinn nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar ilnochtadh.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P280: Caith súilchosaint. P280: Caith aghaidhchosaint.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 1.1 – Díghalrú dromchlaí i seomraí glana le spraeáil nó mapáil.

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú dromchlaí neamh-phóiriúla crua sheomra glan i dtionscal na n-eolaíochtaí nádúrtha.

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil truicir nó mapáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Forchur díreach ar dhromchlaí le spraeáil truicir agus cuimilt ina dhiaidh sin le ciarsúr tirim i ndiaidh lena scaipeadh nó mapáil.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: c.a. 18 mL/m^2 Táirge réidh le húsáid Airí uainithe: De réir riachtanach
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal / coimeádán 0.5 lítear - 10 lítear Polyvinylpyrrolidone (PVP) nó (Polyetheylene ard-dlúis (HDPE) (sprae le truicir agus gan)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan agus triomaigh dromchlaí roimh dhíghalrú.

Forchur le spraeáil truicir díreach ar an ndromchla: Oscail an buinne roimh úsáid. I gcomhair torthaí optamacha, coinnigh an buidéal agus forchuir ó achar 10 cm go 20 cm. Cinntigh na dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán (18 mL/m^2, coibhéiseach le 20 stróc/m^2) agus cuimilt le ciarsúr tirim ina dhiaidh lena scaipeadh. Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibrítear i gcoinne baictéir, giosta agus víris imchlúdaithe agus 15 nóiméad i gcoinne fungais. Dún an buinne i gcónaí i ndiaidh úsáide. Ná haistrigh an táirge chuig spraeire truicir, ach forchuir ó phacáiste seachadta le spraeire truicir.

Forchur ar dhromchlaí le mapáil: Cumasc an mapa glan leis an leacht ag úsáid buicéid mapála agus forchuir leis an ndromchla le díghalrú. Cinntigh go bhfuil an dromchla go hiomlán fliuch (18 mL/m^2). Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibrítear i gcoinne baictéir, giosta agus víris imchlúdaithe agus 15 nóiméad i gcoinne fungais. Níl a thuilleadh cuimilt riachtanach.

Ná measc an táirge le táirgí eile. Ná doirt aon táirge neamhúsáidte ar ais ar an mbunchoimeádán.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Seachain teagmháil le súile.

Ba cheart lámhainní, cosaint súl agus trealamh cosanta riospráide (RPE) de fachtóir 10 a chaitheamh le linn mapála. Níor chóir do phearsanra gan chosaint bheith i láthair sa seomra le linn díghalraithe mapála.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Éifeachtaí Féideartha Sláinte

Na Súile – Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.

An Craiceann - Níl gortuithe sláinte ar bith ar eolas nó níltear ag súil go dtarlóidh siad faoi ghnáthúsáid.

Ionghabháil - Níl gortuithe sláinte ar bith ar eolas nó níltear ag súil go dtarlóidh siad faoi ghnáthúsáid.

Ionanálú - D'fhéadfadh ionanálú éifeachtaí a chur ar lárchóras na néaróg.

Nochtadh Ainsealach - Níl gortuithe sláinte ar bith ar eolas nó níltear ag súil go dtarlóidh siad faoi ghnáthúsáid.

Bearta Garchabhracha

I GCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh craiceann agus uisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine atá buailte in ann slogadh a dhéanamh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Bog go haer úr agus coinnigh ar do shuaimhneas in áit compordach don análú. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide (5.4).

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide (5.5).

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Breathnaigh ar na treoracha sonracha d'úsáid meta-SPC 1

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Féach freisin na bearta maolaithe riosca do meta-SPC 1

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Breathnaigh ar an bhfaisnéis shonrach do meta-SPC 1

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Táirge

Nuair is féidir, is fearr athchúrsáil ná diúscairt nó dó. Mura bhfuil athchúrsáil indéanta, diúscair é i gcomhréir le rialacháin áitiúla. Diúscair dramhaíl i ngléasra diúscartha dramhaíl faofa.

Pacáistiú truaillithe

Diúscair aon táirge nár úsáideadh. Ba chóir coimeádáin fholmha a thógáil go dtí suíomh oiriúnach um láimhseáil dramhaíl i gcomhair athchúrsála nó diúscartha. Ná athúsáid coimeádáin fholmha. Diúscair i gcomhréir le rialacháin áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta.

Iarmhar táirge

Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein.

Faigh réidh le táirge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil amach ó sholas díreach na gréine agus ar theocht idir 0 °C is 25 °C

Seilfré: 24 mhí

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Bileog sonraí sábháilteachta agus teicniúla ar fáil d'úsáideoirí ghairmiúla ar iarratas.

Úsáideadh AEL géar/meántéarma/fadtéarma 17.9 mg/kg meáchan coirp (bw)/lá d'oibrithe gairmiúla agus AEL géar/meántéarma/fadtéarma 10.7 mg/kg bw/lá a úsáideadh sa mheasúnú ar rioscaí sa Tuarascáil Measúnaithe Própán-2-ol in PT2 - An Ghearmáin, (Eanáir 2015).

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Klercide 70/30 IPA	Réimse margaidh: AE
	Klercide non-sterile 70/30 IPA	Réimse margaidh: AE
	Klercide 70/30 IPA non-sterile	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028425-0001 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		Substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	63,27 % (w/w)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Meta-SPC 1.2

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Própán-2-ól		Substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	60,61 - 65,66 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	XX -Ciarsúr atá réidh le húsáid cumaisc le leacht bunaithe ar uisce

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	H225: Leacht an-inadhainte agus gal an-inadhainte. H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. H336: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán. EUH066: D'fhéadfadh tirimeacht craicinn nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar ilnochtadh.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 2.1 – Díghalrú dromchlaí i seomra glan trí cuimilt

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Díghalrú dromchlaí neamh-phóiriúla crua sheomra glan i dtionscal na n-eolaíochtaí nádúrtha trí cuimilt.

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Cuimilt Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Forchur díreach ar dhromchlaí trí cuimilt le ciarsúr fliuch.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: c.a. 10 mL/m² Táirge réidh le húsáid Airí uainithe: Feadán (200 ciarsúr/paca, 230×200, cumasc sintéiseach/ceallalóis): c.a. Is féidir le 0.13 m² a dhíghalrú le ciarsúr amháin Feadán (100 ciarsúr/paca, 200×230, cumasc sintéiseach/ceallalóis): c.a. Is féidir le 0.23 m² a dhíghalrú le ciarsúr amháin Mapáil (10 gciarsúr/paca, 420×250, Poileistear/ceallalóis): c.a. Is féidir le 1.1 m² a dhíghalrú le ciarsúr amháin Púitse (15 chiarsúr/paca, 200x200, Poileistear/ceallalóis): c.a. Is féidir le 0.33 m² a dhíghalrú le ciarsúr amháin Púitse (10 gciarsúr/paca, 200×200, 100% Poileistir): c.a. Is féidir le 0.51 m²a dhíghalrú le ciarsúr amháin Púitse (15 chiarsúr/paca, 300×300, Poileistear/ceallalóis): c.a. Is féidir le 0.47 m² a dhíghalrú le ciarsúr amháin Púitse (10 gciarsúr/paca, 300×300, 100% Poileistir): c.a. Is féidir le 0.73 m² a dhíghalrú le ciarsúr amháin
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Feadán (HDPE) (100-200 ciarsúr/paca, 200×230, cumasc sintéiseach/ceallalóis) Púitse (10-30 ciarsúr/paca, 200×200, Poileistear/ceallalóis, 100% Poileistir) Púitse (10-30 ciarsúr/paca, 300×300, Poileistear/ceallalóis, 100% Poileistir) Ciarsúr mapála (10-30 ciarsúr/paca, 420x250, Poileistear/ceallalóis)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan agus triomaigh dromchlaí roimh dhíghalrú.

Cuimilt: Cuimil dromchla le díghalrú. Úsáid ciarsúr uair amháin. Cinntigh go bhfuil an dromchla go hiomlán fliuch (10 mL/m²).

Is féidir timpeall 0.13-1.1 m² a dhíghalrú le ciarsúr amháin ag brath ar an gciarsúr.

Fan ar feadh 5 nóiméad go dtí go n-oibrítear i gcoinne baictéir, giosta agus víris imchlúdaithe agus 15 nóiméad i gcoinne fungais. Diúscair na ciarsúir sa bhosca bruscair dúnta oiriúnach láithreach i ndiaidh úsáide. Níl a thuilleadh cuimilt riachtanach.

I gcomhair ciarsúir ilphaca, dún an pacáiste i ndiaidh oscailte.

Ná measc le glantaigh nó le táirgí eile.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

-

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Éifeachtaí Féideartha Sláinte

Na Súile – Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.

An Craiceann - Níl gortuithe sláinte ar bith ar eolas nó níltear ag súil go dtarlóidh siad faoi ghnáthúsáid.

Ionghabháil - Níl gortuithe sláinte ar bith ar eolas nó níltear ag súil go dtarlóidh siad faoi ghnáthúsáid.

